2025/503

20.3.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/503 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Márta 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis an teimpléad atá le húsáid ag na Ballstáit chun a áirithiú go bhfuil a straitéis náisiúnta um bainistiú tearmainn agus imirce inchomparáide maidir le croí-eilimintí sonracha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1351 tugtar isteach cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú imirce trí cheapadh beartas comhtháite i réimse an bhainistithe tearmainn agus na himirce, lena n-áirítear a chomhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha araon.

(2) Le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2024/1351 ceanglaítear ar na Ballstáit straitéis náisiúnta a ghlacadh lena mbunaítear cur chuige straitéiseach chun a áirithiú go mbeidh an acmhainneacht agus an cumas acu a gcóras bainistithe tearmainn agus imirce a chur chun feidhme go héifeachtach, i gcomhréir iomlán lena n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear urraim do chearta bunúsacha. Cuimseofar sna straitéisí náisiúnta ar a laghad bearta coisctheacha chun an brú imirce a laghdú, pleanáil theagmhasach, faisnéis maidir le cur chun feidhme phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta ar an leibhéal náisiúnta agus faisnéis maidir leis na bearta a rinneadh chun torthaí ábhartha an fhaireacháin ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) a chur san áireamh.

(3) Chun cur chuige straitéiseach den sórt sin a bhunú, ba cheart do na straitéisí náisiúnta fís fhadtéarmach na mBallstát a chur in iúl trí chuspóirí straitéiseacha maidir le córas comhtháite um bainistiú tearmainn agus imirce a shainaithint ar an leibhéal náisiúnta, agus a staid shonrach á cur san áireamh, i measc nithe eile, go háirithe suíomhanna geografacha, agus an cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú tearmainn agus imirce á léiriú lena chomhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha, i gcomhréir le hAirteagail 3, 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2024/1351, chomh maith le prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán sin.

(4) Chun a áirithiú go bhfuil na straitéisí náisiúnta inchomparáide, ba cheart do na Ballstáit teimpléad a úsáid agus a straitéis náisiúnta á bunú acu, lena bhforálfar maidir le struchtúr comhchoiteann agus maidir le heilimintí inchomparáide riachtanacha, agus lánrogha na mBallstát á coinneáil san am céanna i dtaca le cineál agus raon feidhme na mbeart ábhartha a chinneadh. Níor cheart straitéisí náisiúnta a bheith ina n-uirlis faireacháin, toisc nach leagtar amach iontu ach cur chuige straitéiseach na mBallstát maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus na riachtanais a bheidh acu amach anseo i ndáil leis sin.

(5) Chun cur chun feidhme comhsheasmhach straitéisí náisiúnta na mBallstát a áirithiú, tá an Coimisiún le Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce 5 bliana a tharraingt suas, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1351, ina leagfar amach an cur chuige straitéiseach fadtéarmach maidir le bainistiú imirce agus tearmainn ar leibhéal an Aontais. Leis an Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce, cuirfear leis na straitéisí náisiúnta a d'fhorbair na Ballstáit agus déanfar iad a chur san áireamh inti.

(6) Leis an teimpléad, ba cheart tacú leis na Ballstáit straitéisí dea-struchtúrtha a fhorbairt chun tearmann agus imirce a bhainistiú agus ba cheart cuidiú leo a gcuspóirí straitéiseacha a cheapadh le haghaidh gach réimse trí chroí-eilimintí sonracha a shainaithint. Ba cheart eilimintí agus bearta fíor-riachtanacha sonracha a chuimsiú ann, ionas go mbeadh na straitéisí uile cuimsitheach agus inchomparáide.

([1]) IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj.

(7) Ba cheart a chuimsiú sna straitéisí náisiúnta cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú tearmainn agus imirce bunaithe ar na comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2024/1351. Chun tearmann agus imirce a bhainistiú go héifeachtach, tá gá le bearta lena ndírítear ar an mbrú imirce a laghdú, chomh maith le gníomhaíochtaí atá le déanamh laistigh de na Ballstáit agus i gcomhar le tríú tíortha araon. Dá bhrí sin, ba cheart cuspóirí straitéiseacha na straitéisí náisiúnta a leagan síos dá réir sin agus ba cheart bearta agus gníomhaíochtaí ábhartha a bheith iontu lena dtugtar aghaidh ar na bealaí imirce ábhartha chomh maith le dreasachtaí chun éalú agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát idir na Ballstáit a laghdú agus a chosc. Tá gá freisin leis na bearta agus na gníomhaíochtaí sin laistigh de na comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha araon, chun an líon foriomlán imirceach neamhrialta a thagann isteach san Aontas a laghdú, rud a laghdóidh an brú imirce.

(8) Agus oibleagáidí na mBallstát faoin gcomhpháirt sheachtrach den chur chuige cuimsitheach dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2024/1351 á gcur san áireamh, ba cheart a chuimsiú sna straitéisí náisiúnta na príomhbhearta agus na príomhghníomhaíochtaí lena dtabharfaí aghaidh ar na bealaí imirce ábhartha, amhail bearta lena gcuirfí comhpháirtíochtaí le tríú tíortha chun cinn, lena gcuirfí imirce dhleathach agus conairí dlíthiúla chun cinn, lena dtacófaí le tíortha comhpháirtíochta a óstálann líon mór imirceach agus dídeanaithe, lena ndéanfaí an imirce neamhrialta a chosc agus a laghdú, lena dtabharfaí aghaidh ar na cúiseanna agus an spreagadh is bun leis an imirce neamhrialta, agus lena bhfeabhsófaí filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh, agus cearta bunúsacha á gcomhlíonadh go hiomlán agus i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais. Tá na bearta agus na gníomhaíochtaí sin ríthábhachtach do bhainistiú imirce ar an leibhéal náisiúnta agus chun an riosca brú imirce a laghdú san fhadtéarma.

(9) Agus oibleagáidí na mBallstát faoin gcomhpháirt inmheánach den chur chuige cuimsitheach dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2024/1351 á gcur san áireamh, ba cheart a chuimsiú sna straitéisí náisiúnta na príomhbhearta agus na príomhghníomhaíochtaí ábhartha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na rialacha maidir lena chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, bearta chun dúshaothrú a chomhrac agus chun an fhostaíocht neamhdhleathach a laghdú agus chun dúshaothrú imirceach sa mhargadh saothair a chosc, chomh maith le bearta chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú éifeachtach ar fhilleadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach. Tá na bearta agus na gníomhaíochtaí sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin imirce agus chun mí-úsáidí féideartha na nósanna imeachta tearmainn arna gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta a theorannú.

(10) Chun feidhmiú éifeachtach bheartais tearmainn agus imirce an Aontais a áirithiú bunaithe ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta i gcomhthéacs na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 6(2), pointe (a), agus in Airteagal 7(1), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1351, ba cheart a chuimsiú sna straitéisí náisiúnta na príomhbhearta agus na príomhghníomhaíochtaí ábhartha i réimse an bhainistithe teorainneacha atá riachtanach chun cur chuige comhleanúnach cothrom a áirithiú maidir le tearmann agus imirce, amhail bearta atá tiomnaithe do nósanna imeachta teorann a fheabhsú, eisiúint víosaí a fheabhsú agus mí-úsáid scéimeanna gan víosa a chosc.

(11) Chun a áirithiú go ndéanfar foráil leis na córais náisiúnta tearmainn agus imirce maidir le rochtain éifeachtach ar nósanna imeachta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta, ba cheart na príomhbhearta agus na príomhghníomhaíochtaí sonracha a áireamh sna straitéisí náisiúnta chun rochtain thapa agus éifeachtach ar nósanna imeachta tearmainn ar chríoch Ballstáit a áirithiú, bearta a léiríonn an chaoi a ndéantar an urraim do chearta bunúsacha arna cumhdach sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha eile a áirithiú agus an chaoi a ndéantar faireachán orthu, bearta atá dírithe ar chóras glactha láidir a fhorbairt, bearta chun tacaíocht éifeachtach a sholáthar do Bhallstáit eile, bearta chun deiseanna imirce dleathaí agus soghluaisteacht dhea-bhainistithe a chur chun cinn agus bearta lena gcruthaítear na dálaí le haghaidh imeascadh rathúil. Tá na bearta sin ríthábhachtach chun cur chun feidhme éifeachtach oibleagáidí na mBallstát faoi Rialachán (AE) 2024/1351 a áirithiú. Tá na cuspóirí straitéiseacha a chuimsíonn na bearta sin ríthábhachtach chun prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta a chomhlíonadh.

(12) Cuireann na cuspóirí straitéiseacha agus na bearta gaolmhara atá sna straitéisí náisiúnta le hathléimneacht agus inoiriúnaitheacht na mBallstát d'fhorbairtí amach anseo i réimse an tearmainn agus na himirce, agus lena n-ullmhacht ó thaobh luaineachtaí i staideanna imirce a sheasamh mar aon le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna.

(13) Agus ullmhacht agus cumas na mBallstát dul in oiriúint do réaltachtaí an bhainistithe tearmainn agus imirce atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn á gcur san áireamh, ba cheart cur chuige straitéiseach maidir le riachtanais pleanála teagmhasaí a leabú sna straitéisí náisiúnta, chomh maith le comhlántacht agus comhsheasmhacht ionstraimí éagsúla eile i réimse na hullmhachta agus an teagmhais a áirithiú.

(14) Chun a áirithiú go bhfuil na córais náisiúnta tearmainn agus imirce ullmhaithe do mhórtheacht isteach féideartha náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát, do chásanna ionstraimithe i réimse an tearmainn agus na himirce, nó do chásanna *force majeure*, ba cheart a chuimsiú sna straitéisí náisiúnta bearta atá tiomnaithe do na bearta agus na huirlisí is gá a thabhairt do na córais sin lena bhforálfar maidir le hullmhacht fhoriomlán chun ullmhú do na cásanna sin, chun freagairt dóibh agus chun iad a réiteach.

(15) Chun an cur chuige comhtháite a bhaint amach, ba cheart cuspóirí straitéiseacha a chuimsiú sna straitéisí náisiúnta freisin, a bhfuil tacaíocht ó bhearta ábhartha acu, chun prionsabal an cheaptha beartas chomhtháite agus an chur chuige uile-rialtais a chur chun feidhme, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2024/1351 maidir leis an gcur chuige cuimsitheach i leith bainistiú tearmainn agus imirce.

(16) Chun comhleanúnachas agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí agus na mbeart arna ndéanamh ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, ag gníomhú dóibh laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, a áirithiú, i gcomhréir le prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta, maidir leis an ngá atá leis na hacmhainní daonna, ábhartha agus airgeadais is gá dá dtagraítear in Airteagal 6(2) pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1351 a áirithiú, leis an teimpléad, ba cheart bearta a bheartú atá le cuimsiú chun acmhainneacht agus cumas leordhóthanach a áirithiú chun comhpháirteanna éagsúla na straitéise a chur chun feidhme, i bhfianaise go bhfuil an straitéis náisiúnta le cur chun feidhme thar thréimhse 5 bliana.

(17) Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(1), an dara fomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1351, beidh faisnéis sna straitéisí náisiúnta maidir leis an gcaoi ar cheart torthaí ábhartha an fhaireacháin a rinne EUAA, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2303 ([2]), agus Frontex, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/1896 ([3]), a chur san áireamh.

(18) Ní mór a chur san áireamh sna straitéisí freisin meastóireacht Schengen a rinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 ([4]) ón gComhairle, mar aon le torthaí ábhartha an fhaireacháin ar chearta bunúsacha a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/1356 ([5]).

(19) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(20) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn leis an litir dar dáta an 27 Meitheamh 2024, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351. Deimhníodh rannpháirtíocht na hÉireann le Cinneadh (AE) 2024/2088 ón gCoimisiún ([6]). Dá bhrí sin, tá Éire faoi cheangal ag an gCinneadh seo.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lgh. 1-54 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2303/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1–131, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/922/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).

([6]) Cinneadh (AE) 2024/2088 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2024 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 (IO L, 2024/2088, 2.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2088/oj).

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) 2024/1351.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh an teimpléad do na straitéisí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/1351.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

AN TEIMPLÉAD ATÁ LE hÚSÁID AG NA BALLSTÁIT CHUN A ÁIRITHIÚ GO BHFUIL A STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM BAINISTIÚ TEARMAINN AGUS IMIRCE INCHOMPARÁIDE A MHÉID A BHAINEANN LE CROÍ-EILIMINTÍ SONRACHA

1. BAINISTIÚ TEARMAINN AGUS IMIRCE: AN COMHTHÉACS NÁISIÚNTA

Tabhair achoimre mhionsonraithe ar staid náisiúnta an tearmainn agus na himirce faoi mar atá sí faoi láthair, bunaithe inter alia ar thorthaí anailísí riosca agus measúnuithe ar an staid oibríochtúil. Sonraigh na príomheilimintí de dhearcadh straitéiseach, agus cuir i dtábhacht na rioscaí, dúshláin, riachtanais agus deiseanna atá ann faoi láthair maidir leis an imirce nó a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus aird á tabhairt ar staid shonrach na mBallstát, go háirithe a suíomh geografach.

2. CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA AGUS NA PRÍOMHBHEARTA I RÉIMSE AN BHAINISTITHE TEARMAINN AGUS IMIRCE

Faoi gach ceann de na réimsí seo a leanas, leag síos na cuspóirí straitéiseacha agus na príomhbhearta a bhaineann leo a chuirfidh ar bhur gcumas daoibh bhur gcóras bainistithe tearmainn agus imirce a chur chun feidhme go héifeachtach, i gcomhréir le prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta agus le prionsabal déanta beartais comhtháite agus i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta agus ar bhonn lánurraim a thabhairt do chearta bunúsacha. Agus na cuspóirí sin á gceapadh, smaoinigh ar na dúshláin, riachtanais agus deiseanna uile atá sainaitheanta faoi láthair agus na cinn a bheidh ann amach anseo i gcás gach ceannteidil. Agus tuairisc á tabhairt ar na bearta sin, smaoinigh ar na cinn atá ábhartha chun na cuspóirí straitéiseacha atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach seo a bhaint amach sa réimse lena mbaineann sna 5 bliana amach romhainn. Tabhair faisnéis faoin gcaoi a bhfuil torthaí an fhaireacháin a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), mar aon le meastóireachtaí agus torthaí faireacháin ([1]) ábhartha eile á gcur san áireamh. Ina theannta sin, cuir isteach, de réir mar is gá, tagairtí do straitéisí agus pleananna eile, lena n-áirítear an Straitéis náisiúnta um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus pleananna teagmhasacha náisiúnta eile atá ábhartha, chun sineirgí, comhsheasmhacht agus comhlántacht a áirithiú.

2.1. Bainistiú éifeachtach an chórais tearmainn agus imirce atá dírithe ar an mbrú imirce a laghdú ar bhonn an chur chuige chuimsithigh

2.1.1. *Eilimintí na gné seachtraí:*

I bhfianaise bhur gcomhthéacs náisiúnta agus bhur suímh gheografaigh agus na ndúshlán sainaitheanta atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo, mar aon le bhur riachtanais shainaitheanta, tabhair tuairisc ar an gcaoi a dtabharfaidh na cuspóirí beartais straitéiseacha aghaidh ar na bealaí imirce ábhartha, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.

Ó na príomheilimintí agus na príomhbhearta seo a leanas, tabhair tuairisc ar na cinn atá ábhartha chun na cuspóirí straitéiseacha atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo a bhaint amach sa réimse seo. Ina theannta sin, cuir isteach na bearta uile eile is ábhartha, dar leat, chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

— An chaoi is fearr comhpháirtíochtaí saincheaptha comhthairbheacha le tríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais a chur chun cinn agus a fhorbairt, agus an chaoi ar féidir comhar le tríú tíortha ábhartha a chothú ar an leibhéal déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach, lena n-áirítear maidir le filleadh éifeachtach.

— An chaoi ar féidir an imirce dhleathach agus bealaí dlíthiúla a chur chun cinn le haghaidh náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus le haghaidh daoine a cheadófaí cónaí dleathach sa Bhallstát dóibh ar bhealach eile, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rannpháirtíocht i gComhpháirtíocht Tallainne an Aontais ([2]) agus i gCreat Athlonnaithe an Aontais ([3]).

([1]) An mheastóireacht a rinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 mar aon leis an bhfaireachán a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/1356.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas Eorpach COM(2022) 657 final (ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52022DC0657).

([3]) Rialachán (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2021/1147 (IO L, 2024/1350, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1350/oj).

— Bearta eile a d'fhéadfadh bhur gcuspóirí straitéiseacha sa réimse seo a éascú, amhail: bearta chun tacú le tríú tíortha a óstálann líon mór imirceach agus dídeanaithe, bearta chun tacú le hacmhainneachtaí oibríochtúla na dtríú tíortha maidir le himirce, tearmann agus bainistiú teorainneacha agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine, bearta chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantais agus chun imirce neamhrialta chuig críocha na mBallstát a chosc agus a laghdú, agus an ceart chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta á áirithiú, bearta chun smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac, agus bearta chun cur i gcoinne gáinneáil ar dhaoine, agus na leochaileachtaí a bhaineann leo á laghdú, agus chun cearta daoine a smuigleáladh nó a ndearna gáinneáil orthu a chosaint. Smaoinigh ar bearta chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus na spreagthaí atá leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantais.

2.1.2. ***Eilimintí na gné inmheánaí:***

I bhfianaise bhur gcomhthéacs náisiúnta agus bhur suímh gheografaigh agus na ndúshlán sainaitheanta atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo, mar aon le bhur riachtanais shainaitheanta, tabhair tuairisc ar na cuspóirí beartais straitéisigh atá dírithe go háirithe ar dhreasachtaí a laghdú maidir le héalú agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát idir na Ballstáit, agus ar chosc a chur orthu.

Ó na príomheilimintí agus na príomhbhearta seo a leanas, tabhair tuairisc ar na cinn atá ábhartha chun na cuspóirí straitéiseacha atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo a bhaint amach sa réimse seo. Ina theannta sin, cuir isteach na bearta uile eile is ábhartha, dar leat, chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

— An chaoi is fearr chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm i gceart agus go gasta na rialacha maidir lena chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus i gcás inar gá, an t-aistriú chuig an mBallstát atá freagrach a dhéanamh. Ina theannta sin, sonraigh na bearta atá dírithe ar chur chun feidhme éifeachtach na nósanna imeachta um ghabháil ar ais agus um ghabháil ar láimh lena gcuirtear srian le mí-úsáid an chórais náisiúnta tearmainn, lena n-áirítear trí éalú agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe, agus an chaoi ar cuireadh torthaí an fhaireacháin a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) san áireamh nó conas a chuirfear san áireamh iad, de réir mar is ábhartha.

— Bearta chun dúshaothrú a chomhrac agus chun fostaíocht neamhdhleathach a laghdú, i gcomhréir le Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), lena n-áirítear bearta chun a áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm i gceart agus chun chosc a chur ar dhúshaothrú imirceach sa mhargadh saothair.

— Maidir le bainistiú éifeachtach ar fhilleadh, tabhair tuairisc ar bhur gcur chuige beartais straitéisigh lena n-áirithítear bainistiú éifeachtach ar fhilleadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, lena n-áirítear filleadh éifeachtach díniteach na ndaoine sin, i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

— Bearta eile a d'fhéadfadh bhur gcuspóirí straitéiseacha sa réimse seo a éascú, amhail: comhar a bhunú idir gníomhaithe agus údaráis ábhartha, pleanáil straitéiseach maidir le hacmhainneachtaí, uirlisí ábhartha Frontex a úsáid nó bearta tacaíochta don ath-imeascadh a fhorbairt. Thairis sin, smaoinigh ar an gcaoi a bhfuil torthaí an fhaireacháin a rinne EUAA agus Frontex agus na meastóireachta a rinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 á gcur san áireamh nó ar an gcaoi a gcuirfear na torthaí sin san áireamh ([7]), de réir mar is ábhartha.

([4]) Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lgh. 1-54 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2303/oj).

([5]) Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena ndéantar foráil maidir le híoschaighdeáin do smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach, (IO L 168, 30.6.2009, lgh. 24–32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/52/oj).

([6]) Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/922/oj).

2.1.3. ***Bearta chun tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do Bhallstáit eile:***

— Tabhair tuairisc ar bhur gcur chuige straitéiseach chun a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag na Ballstáit tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do Bhallstáit eile i bhfoirm ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta agus faoi Bhuanbosca Uirlisí Tacaíochta an Aontais don Imirce dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

2.2. **Bainistiú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais**

I bhfianaise bhur gcomhthéacs náisiúnta agus bhur suímh gheografaigh agus na ndúshlán sainaitheanta atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo, mar aon le bhur riachtanais shainaitheanta, tabhair tuairisc ar na cuspóirí beartais straitéiseacha chun bainistiú comhtháite éifeachtach ar na teorainneacha seachtracha a áirithiú.

Ó na príomheilimintí agus na príomhbhearta seo a leanas, tabhair tuairisc ar na cinn atá ábhartha chun na cuspóirí straitéiseacha atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo a bhaint amach sa réimse seo. Ina theannta sin, cuir isteach na bearta uile eile is ábhartha, dar leat, chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

2.2.1. ***Bainistiú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus rochtain ar chosaint idirnáisiúnta:***

— An chaoi ar féidir ardleibhéal comhlántachta a bhaint amach idir an straitéis seo agus an straitéis náisiúnta le haghaidh bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]). Más ábhartha, smaoinigh ar bhearta lena n-áiritheofar go dtabharfar lánurraim do na hoibleagáidí a leagtar síos sa dlí idirnáisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le daoine a tharrtháiltear ar muir.

— An chaoi ar féidir cur chun feidhme iomlán an chomhbheartais víosaí a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an chaoi is fearr chun na seiceálacha iomchuí imirce agus slándála a eagrú sula n-eiseofar víosaí go tráthúil agus an chaoi ar féidir mí-úsáid scéimeanna gan víosa a chosc.

— An chaoi a bhfuil príomhthorthaí an fhaireacháin a rinne EUAA agus Frontex, agus an mheastóireacht a rinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chomh maith le príomhthorthaí an fhaireacháin a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) á gcur san áireamh nó an chaoi a gcuirfear san áireamh iad, de réir mar is ábhartha.

2.2.2. ***Rochtain éifeachtach ar chosaint idirnáisiúnta ag teorainneacha seachtracha an Aontais:***

— An chaoi is fearr chun rochtain thráthúil éifeachtach ar nós imeachta cothrom éifeachtúil le haghaidh cosaint idirnáisiúnta a áirithiú ag teorainneacha seachtracha an Aontais, ag limistéir idirthurais agus ag na farraigí teorann.

— I ndáil leis an ngá atá leis an nós imeachta teorann a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2024/1348 ([11]) agus (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) a chur chun feidhme go leanúnach agus go héifeachtach amach anseo, tabhair tuairisc ar aon bheart ábhartha lena n-áiritheofar, i measc nithe eile, go gcuirfear i bhfeidhm i gceart é ag na teorainneacha agus lena gcaomhnófar an ceart chun tearmainn. Thairis sin, déan do mhachnamh agus tabhair tuairisc ar an gcaoi is fearr chun an nós imeachta um thearmann agus um fhilleadh a chuíchóiriú i gcás ina ndiúltófaí an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear ag céim an athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

([8]) Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1–131, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1348/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2021/1148 (IO L, 2024/1349, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1349/oj).

2.3. **Córas tearmainn agus imeasctha atá cothrom**

I bhfianaise bhur gcomhthéacs náisiúnta agus bhur suímh gheografaigh agus na ndúshlán sainaitheanta atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo, chomh maith leis na riachtanais atá sainaitheanta cheana féin, tabhair tuairisc ar na cuspóirí beartais straitéiseacha lena n-áirithítear go dtugann an córas bainistithe tearmainn rochtain éifeachtach ar an nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta lena soláthraítear caighdeán leordhóthanach maireachtála d'iarratasóirí agus lena ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta d'iarratasóirí atá i ngátar, agus a n-imeascadh leormhaith á áirithiú.

Ó na príomheilimintí agus na príomhbhearta seo a leanas, tabhair tuairisc ar na cinn atá ábhartha chun na cuspóirí straitéiseacha atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo a bhaint amach sa réimse seo. Ina theannta sin, cuir isteach na bearta uile eile is ábhartha, dar leat, chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

2.3.1. ***Rochtain thráthúil éifeachtach a áirithiú ar nósanna imeachta tearmainn atá cothrom agus éifeachtúil i gcríoch Ballstáit:***

— Bhur gcur chuige straitéiseach chun a áirithiú, ar an leibhéal riaracháin agus breithiúnach (cúirteanna agus binsí), agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna, ardcháilíocht agus comhsheasmhacht na bpróiseas cinnteoireachta riaracháin agus breithiúnach, ar bhonn tráthúil, sa Bhallstát, lena n-áirítear trí bhearta atá dírithe ar chóineasú na gcinntí tearmainn agus ar laghdú an bhaoil go mbainfí mí-úsáid as an gcóras náisiúnta tearmainn.

— Bearta atá dírithe ar an bpleanáil straitéiseach, lena n-áirithítear na hacmhainneachtaí is gá ar an leibhéal riaracháin agus breithiúnach (cúirteanna agus binsí), agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh, chun na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialacháin (AE) 2024/1348 agus (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) a chomhlíonadh i gceart, maidir le rochtain ar an nós imeachta agus athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

2.3.2. ***Coimircí nós imeachta agus cearta bunúsacha:***

— An chaoi a n-áirithítear cur chuige beartais straitéiseach, in éineacht leis na príomhbhearta ábhartha lena n-áireofar go dtabharfar urraim do chearta bunúsacha agus do choimircí, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear coimircí nós imeachta agus coinníollacha coinneála, agus an chaoi a ndéantar faireachán air agus aird chuí á tabhairt ar chásdlí náisiúnta, ar chásdlí an Aontais agus ar chásdlí idirnáisiúnta. Cuir san áireamh na riachtanais shonracha a bhíonn ag mionaoisigh neamhthionlactha agus ag iarratasóirí leochaileacha.

2.3.3. ***Córas glactha láidir:***

— Bhur gcur chuige straitéiseach chun a áirithiú ar an mbealach is fearr go mbeidh sé d'acmhainn ag an gcóras glactha rochtain a chur ar fáil d'iarratasóirí ar dhálaí glactha leormhaithe i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]).

— Bearta eile a d'fhéadfadh bhur gcuspóirí straitéiseacha sa réimse seo a éascú, amhail: bearta chun córas glactha inbhuanaithe athléimneach leormhaith a áirithiú, bearta chun faireachán ar dhálaí glactha leormhaithe a áirithiú (agus ar bhunriachtanais, más infheidhme), bearta chun an riosca go mbainfí mí-úsáid as an gcóras glactha a laghdú, bearta chun freastal ar riachtanais shonracha mionaoiseach neamhthionlactha agus daoine leochaileacha; sonraigh freisin bearta a bhaineann le himeascadh, i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2.3.4. ***Dálaí a chruthú le haghaidh imeascadh rathúil agus luath:***

— Bhur gcur chuige straitéiseach chun imeascadh rathúil na dtairbhithe cosanta idirnáisiúnta agus na dtairbhithe scéimeanna cosanta náisiúnta eile a áirithiú, lena n-áirítear urraim a thabhairt do na cearta faoi Rialachán (AE) 2024/1347 (oideachas, lena n-áirítear cúrsaí teanga, fostaíocht, cúram sláinte, tithíocht, slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta).

([13]) Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe na cosanta idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1347, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1347/oj).

([14]) Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh (IO L, 2024/1346, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj).

2.4. **Ullmhacht agus pleanáil theagmhasach**

I ndáil leis na dúshláin shainaitheanta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, chomh maith leis na riachtanais shainaitheanta, smaoinigh ar an gcaoi a bhfuil pleanáil theagmhasach agus ullmhacht do ghéarchéimeanna leabaithe sa chur chuige straitéiseach maidir le tearmann agus imirce.

Ó na príomheilimintí agus na príomhbhearta seo a leanas, déan do mhachnamh agus tabhair tuairisc ar na cinn atá ábhartha chun na cuspóirí straitéiseacha atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo a bhaint amach sa réimse seo. Smaoinigh go sonraítear i Rialachán (AE) 2024/1351 agus Rialachán (AE) 2024/1359 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) *go bhfuil na heilimintí a liostaítear thíos le cumhdach sa straitéis. Ina theannta sin, cuir isteach na bearta uile eile is ábhartha, dar leat, chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.*

— An chaoi is fearr chun a áirithiú go ndéanfar na hoibleagáidí i Rialachán (AE) 2024/1359, Rialachán (AE) 2019/1896, Treoir (AE) 2024/1346 agus Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur san áireamh agus a léiriú agus an straitéis náisiúnta á cur chun feidhme.

— An chaoi ar féidir ábharthacht bhur bpleananna teagmhasacha maidir le tearmann agus imirce a bhaint amach, ar leibhéal straitéiseach, agus bunaithe ar anailís leanúnach ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus na hoibleagáidí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á gcomhlíonadh san am céanna. Thairis sin, smaoinigh ar an gcaoi ar féidir a áirithiú go bhfuil an straitéis náisiúnta comhsheasmhach le straitéisí teagmhasacha agus ullmhachta náisiúnta ábhartha eile, amhail i réimse na slándála, agus go gcomhlánaíonn sí na straitéisí sin go straitéiseach.

— An chaoi ar féidir úsáid a bhaint as tuarascálacha a d'eisigh an Coimisiún faoi chuimsiú an Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime ([16]), ionas go dtacóidh siad le bhur riachtanais i leith pleanáil theagmhasach.

— An chaoi ar féidir a áirithiú go gcuimsíonn bhur gcóras náisiúnta na bearta atá ag teastáil chun ullmhúchán, freagairt agus réiteach a dhéanamh i leith cásanna eisceachtúla ina dtagann líon mór náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát isteach in bhur mBallstát ar tír, san aer nó ar muir, lena n-áirítear daoine a díbhordáladh, i gcás inarb ábhartha. Lena n-áirítear trí bhearta chun cearta bunúsacha a chosaint i gcás iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta agus cineálacha eile cosanta.

— An chaoi ar féidir a áirithiú go gcuimsíonn bhur gcóras náisiúnta na bearta atá ag teastáil chun foráil a dhéanamh maidir le hullmhacht fhoriomlán chun ullmhúchán, freagairt agus réiteach a dhéanamh i leith cásanna ionstraimithe i réimse na himirce agus an tearmainn, i gcás ina spreagann nó ina n-éascaíonn tríú tír nó gníomhaire naimhdeach neamhstáit gluaiseacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát chuig na teorainneacha seachtracha nó chuig bhur mBallstát, agus é mar aidhm leis sin an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú, agus i gcás ina bhféadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin feidhmeanna bunriachtanacha Ballstáit a chur i mbaol, lena n-áirítear bearta chun cearta bunúsacha iarratasóirí agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta agus cineálacha eile cosanta a chosaint.

— An chaoi ar féidir a áirithiú go gcuimsíonn bhur gcóras náisiúnta na bearta atá ag teastáil chun ullmhúchán, freagairt agus réiteach a dhéanamh i leith cásanna *force majeure*, lena n-áirítear bearta chun cearta iarratasóirí agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta agus cineálacha eile cosanta a chosaint.

2.5. **An cur chuige comhtháite a bhaint amach – bearta chun prionsabal an cheaptha beartas chomhtháite a chur chun feidhme**

Smaoinigh ar an gcaoi a n-áirithítear cur chun feidhme phrionsabal an cheaptha beartas chomhtháite ar bhonn cur chuige cuimsitheach maidir leis na beartais bainistithe tearmainn agus imirce agus an chaoi a ndéantar tuilleadh forbartha air ar an leibhéal straitéiseach, lena n-áirítear an chomhsheasmhacht idir comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha na mbeartas sin agus an gá atá le dlúthchomhar idirinstitiúideach ar an leibhéal náisiúnta.

([15]) Rialachán (AE) 2024/1359 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2021/1147 (IO L, 2024/1359, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1359/oj).

([16]) Moladh (AE) 2020/1366 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra an Aontais maidir le hullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna a bhaineann leis an imirce (an Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime) (IO L 317, 1.10.2020, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2020/1366/oj).

Ó na príomheilimintí agus na príomhbhearta seo a leanas, déan do mhachnamh agus tabhair tuairisc ar na cinn atá ábhartha chun na cuspóirí atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo a bhaint amach sa réimse seo. Ina theannta sin, cuir isteach na bearta uile eile is ábhartha, dar leat, chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

— An chaoi is fearr chun socruithe institiúideacha a bhunú le haghaidh rialachas imirce agus tearmainn bunaithe ar an gcur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú imirce agus tearmainn ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear struchtúir chomhordúcháin idir ranna rialtais éagsúla (aireachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha) chun na gnéithe inmheánacha agus seachtracha den chur chuige cuimsitheach maidir le himirce agus tearmann agus a gcomhleanúnachas frithpháirteach a bhaint amach.

— An chaoi ar féidir socruithe éifeachtacha a áirithiú atá dírithe ar chomhordú agus comhar éifeachtúil idir an rialtas agus na breithiúna (cúirteanna agus binsí), agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh, agus idir leibhéil éagsúla Stáit (náisiúnta, réigiúnach, áitiúil), de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

— An chaoi ar féidir le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus eagraíochtaí imirce, a bheith rannpháirteach go fóinteach.

— An chaoi a n-áirithítear an comhar foriomlán le Ballstáit eile (lena n-áirítear malartú faisnéise a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais) agus an chaoi a n-áirithítear comhsheasmhacht le gníomhaíochtaí na mBallstát eile agus institiúidí an Aontais.

2.6. **Acmhainneacht agus cumas leordhóthanach a áirithiú chun an straitéis náisiúnta a chur chun feidhme go héifeachtach**

I bhfianaise na ndúshlán sainaitheanta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, chomh maith leis na riachtanais shainaitheanta, tabhair tuairisc ar bhur gcuspóirí beartais straitéiseacha chun acmhainní daonna agus acmhainneacht ábhartha agus airgeadais leordhóthanach a áirithiú chun comhpháirteanna éagsúla na straitéise a chur chun feidhme.

Ó na príomheilimintí agus na príomhbhearta seo a leanas, tabhair tuairisc ar na cinn atá ábhartha chun na cuspóirí straitéiseacha atá agaibh faoi láthair agus a bheidh agaibh amach anseo a bhaint amach sa réimse seo. Ina theannta sin, cuir isteach na bearta uile eile is ábhartha, dar leat, chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

— An chaoi is fearr chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní daonna, ábhartha agus airgeadais agus an bonneagar is gá ar fáil chun an straitéis seo a chur chun feidhme go héifeachtach, i bhfianaise go gcuirfear an straitéis chun feidhme thar thréimhse 5 bliana.

— An chaoi a mbaintear úsáid as uirlisí nua-aimseartha digiteacha um bainistiú sonraí agus um chumarsáid le haghaidh córas éifeachtach bainistithe tearmainn agus imirce ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear córais agus uirlisí mórscála TF de chuid an Aontais, arna mbainistiú ag eu-LISA.

— An chaoi a n-úsáidtear nó a bhféadfaí a úsáid na huirlisí tacaíochta oibríochtúla atá ar fáil agus a bunaíodh ar leibhéal an Aontais le haghaidh córas éifeachtach bainistithe tearmainn agus imirce, amhail na cinn sin a sholáthraíonn EUAA agus Frontex nó Buanbhosca Uirlisí Tacaíochta an Aontais Eorpaigh don Imirce.

— An chaoi is fearr chun a áirithiú gur féidir leis an tacaíocht airgeadais atá ar fáil ón Aontas rannchuidiú go héifeachtúil ó thaobh tacú le cur chun feidhme na straitéise, agus cistí náisiúnta á gcomhlánú san am céanna, agus ó thaobh feidhmiú éifeachtach an chórais bainistithe tearmainn agus imirce a áirithiú.